# Glór

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Eanáir 2023

Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt

## Comharthaíocht úr ag Scoil Mhuire Doire Beaga!




Chuir muid maoiniú ar fáil do Scoil Mhuire Doire Beaga le comharthaíocht úr a chur suas os comhair na scoile.

## Bua mór ag foireann faoi 21 CLG Ghaoth Dobhair!



Comhghairdeas le foireann faoi 21 CLG Ghaoth Dobhair agus an bainisíocht a raibh an bua acu le gairid in éadan CLG An Tearmainn in aghaidh am breise. Maith sibh uilig!


# Amhrán nua eisithe ag Eoin Ó Fearraigh!



Comhghairdeas mór leis an cheoltóir óg Eoin Ó Fearraigh a d'eisigh amhrán úr darbh ainm 'The way I loved you' ansin le gairid. Tá Eoin ag ceol i dtithe tábhairne áitiúil anois le tamaill ach is é seo céim mór dó lena chéad amhrán eisithe! Tá sé le fáil ar léithidí Spotify, Apple Music srl. Maith thú Eoin!

## Geamaireacht úr scríofa ag Eoghan Mac Giolla Bhríghde

Tá muid ag cur maoiniú ar fáil don geamaireacht nua 'Oh, Sin Tír N@ n-Óg' de chuid Eoghan Mac Giolla Bhríghde. Beidh an seó mór seo ar siúl go luath in Amharclann Ghaoth Dobhair.



**Comhghairdeas mór le foireann faoi 16.5 a bhain Cluiche Leath-Ceannais Uladh le gairid. Comhghairdeas mór le Niall Ó Fríl agus Dáire Ó Baoill a bhí i gceannas orthu chomh maith agus ádh mór orthy sa Chluiche Ceannais. Bhí lúchair orainn féin tacaíocht a chur ar fáil dona gcuid geansaithe.**







**Beidh seó mór ar siúl ar an 4ú Feabhra in Ionad Cois Locha i nDún Lúiche. Bígí ann!**



# Fear as an Bhun Bhig ag ceol i gcomórtas náisiúnta Eurofíse

Beidh Andrew Mac Giolla Chearra ag ceol Dé hAoine seo an 3ú Feabhra i gcomórtas náisiúnta Eurofíse. Ba mhaith linn ádh mór a ghuí ar a shon. Maith thú Andrew!

# Caifé úr foscailte i nGaoth Dobhair

Comhghairdeas le Aoife Ní Bharra a d'oscail caifé úr ansin le gairid darbh ainm Arán. Tá siad foscailte anois le thar mí anuas agus ag éirí go maith leo. Maith sibh!



# Cur aithne ar Jamie



If you would like to brush up on your Irish or are a complete learner, the following centres in your area will have up to date information on classes catering for all abilities and ages.

An Crannóg - Derrybeg (0749532578), & Acadamh (091494657), Páirc Gnó, Ionad Naomh Pádraig, Dobhar (0749562222), Teach Niall Ó Dónaill, Loch an Iúir (0863899345).

Any other information or advice contact the language planning office at 07495606420.

Keep up to date with these centres on Facebook.

**Ainm:** Jamie Ó Dochartaigh
**Aois:** 20
**Post:** Ag tarraingt piontaí di Sheáin Óig
**Caithimh Aimseartha:** Peil gaelach + sacar
**Ceol:** Zach Bryan - From Austin
**Bia:** Pizza + sceallóga
**Deoch:** Cheeky Monkey
**Scannán:** Top Gun
**Clár Teilifíse:** Stranger Things
**Leabhar:** The Mamba Mentality
**Ainmhí:** Moncaí
**Gréasán sóisialta:** Snapchat
**Meáin shóisialta:** Jamiedoherty11
**Rud is fearr faoi ag imirt peile:** Ag traenáil le mo chairde
**Rud is measa faoi ag imirt peile:** Ag traenáil roimh thús an tSéasúir
**Páirc is fearr a d'imir tú ar:** Páirc Sheáin Mhic Cumhaill
**Páirc is measa a d'imir tú ar:** Pairc an Chlocháin Liath
**Imreoir is deacra a mharcáil tú:** Domhnall Mac Giolla Bhríde
**Comhairle is fearr a fuair tú mar imreoir:** Glac na pointí agus tiocfaidh na cúil!
**Bainisteoir is fearr:** Pierce Coyle
**Bia Iodálach nó Bia Síneach:** Bia Iodálach ach Bia Síneach má bhaineann muid!
**Nike nó Adidas:** Nike
**Batman nó Superman:** Superman
**Halland nó Mbappé:** Mbappé
**Laoch:** Roy Keane
**Oíche amuigh:** Dodge
**Cuireadh chuig cóisir:** Steven Mac Pháidín + Eamonn Mac Gairbheith
**Laethanta Saoire:** Albufeira
**Seanfhocal:** Ní neart go cur le chéile!
**Mana saoil:** Glac gach deis a thagann chugat

S20
STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

## Ag clárú páistí do Mheán Fómhar

Naíonra Phádraig Dobhair

Seisiún tráthnóna- 12.15 - 3-15i.n

Ciara Nic Aoidh
0871606793

